Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12227/26**

**SOC 523**
**EMPL 294**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta thar ceann na Fraince |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta thar ceann na Fraince**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta[1], agus go háirithe Airteagal 75 de,

[1] IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 10 Deireadh Fómhair 2025[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta don tréimhse ón 20 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2030.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir na n-ionadaithe rialtais tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Emmanuelle ELDAR a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag an bhFrainc don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2025 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta (IO C, C/2025/5609, 15.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5609/oj).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Emilie VAISMAN ina comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta in ionad Emmanuelle ELDAR, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2030.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., ....

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*